AGUISÍN 1 Modh Tuairiscithe

Sa chás go bhfuil údar réasúnta imní a bhaineann le hamhras nó faisnéis faoi dhrochíde i leith linbh tá sé de dhualgas orainn é sin a thuairisciú chuig: Tusla/An Garda Síochána nó Health & Social Care Trust (HSCT) Gateway Team/PSNI chomh luath agus is féidir.

Tá Oifigigh Slánchumhdaithe ar leith, Duine Sainordaithe & Teagmhálaí Ainmnithe agus Leas-Teagmhálaí Ainmnithe, ceaptha ag ***An tOireachtas*** d'fhonn cuidiú linn agus treoir a thabhairt i gcás líomhaintí a bheith á dtuairisciú chuig na húdaráis chuí. Ní gá do dhuine cabhair ná comhairle a lorg ó Oifigigh Slánchumhdaithe an Oireachtais roimh ré - tá gach ceart acu a gcuid tuairisciú féin a dhéanamh leis na húdaráis chuí más mian leo é.

Glacann an tOireachtas leis gur gá an líon daoine a chaithfear a chur ar an eolas faoi cás ar bith a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

AN GNÁTHCHÓRAS TUAIRISCITHE - TUSLA

i) Má bhíonn tú buartha faoi leanbh, ach in amhras an sásaíonn d'imní na dualgais atá orainn i leith tuairisciú chuig Tusla, is féidir teagmháil a dhéanamh le Tusla chun d'imní a phlé go neamhfhoirmiúil agus comhairle a lorg i dtaca le cinneadh a dhéanamh maidir le tuairisciú.

ii) Is féidir aon ábhar buartha faoi leanbh agus modhanna tuairiscithe a phlé chomh maith le Oifigigh Slánchumhdaithe an Oireachtais.

iii) Is féidir leat d'imní a thuairisciú go pearsanta, thar an nguthán nó i scríbhinn – trí ríomhphost – chuig an tseirbhís áitiúil a bhfuil dualgas maidir le hobair shóisialta orthu sa limistéar ina gcónaíonn an leanbh. Is féidir leat teacht ar shonraí teagmhála fhoirne oibre sóisialta Tusla ar láithreán gréasáin Tusla féin, www.tusla.ie (nó ag Aguisín A).

iv) Má bhí an imní atá ort faoi bhun na tairsí don tuairisciú, d'fhéadfadh Tusla comhairle a thabhairt i dtéarmaí súil a choinneáil ar an leanbh agus eolas a thabhairt faoi sheirbhísí eile a d'fhéadfadh a bheith níos oiriúnaí chun éilimh an linbh agus/nó an teaghlaigh a shásamh.

v) I gcás éigeandála, nó sa chás nach bhfuil fostaithe de chuid Tusla ar fáil, is cóir tuairisc a chur chuig **An Garda Síochána**. Is féidir é seo a dhéanamh ag aon stáisiún gardaí.

vi) Tá Oifigigh Slánchumhdaithe an Oireachtais ar fáil chun cabhair agus comhairle a thabhairt nuair atá amhras nó faisnéis faoi dhrochíde á mheas.

vii) Tá sé ceadaithe ag duine aonarach tuairisc a dhéanamh iad féin le Tusla/Gateway Team gan dul i gcomhairle leis h Oifigigh Slánchumhdaithe roimh ré.

Féach Aguisín 4

TUAISCEART ÉIREANN

i) Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Health & Social Care Trust (HSCT) Gateway Team ábhartha mar is iadsan an chéad pointe teagmhála le haghaidh atreorú chuig seirbhísí sóisialta leanaí: https://www.nidirect.gov.uk/publications/gatewayservice-teams-contact-details (Aguisín B)

ii) I gcás éigeandála ba chóir teagmháil a dhéanamh le Police Service of Northern Ireland (PSNI) https://www.psni.police.uk/contact-us . Is féidir leo freagairt chosanta éigeandála a dhéanamh má tá duine buartha go bhfuil páiste i mbaol láithreach.

iii) Tá Oifigigh Slánchumhdaithe an Oireachtais ar fáil chun cabhair agus comhairle a thabhairt nuair atá amhras nó faisnéis faoi dhrochíde á mheas.

Eolas tábhachtach a bheidh ag teastáil i dtuairisc chuig Tusla nó Gateway Teams (HSCT)

Teastaíonn an oiread eolais agus is féidir ó fhoireann Tusla / Gateway Teams chun cuidiú leo imní réasúnta a mheas. Ba chóir an oiread eolais ábhartha agus is féidir a sholáthar faoin leanbh, faoina gcúinsí baile agus faoi na forais imní. D'fhéadfaí a áireamh leo siúd:

- Ainm, seoladh agus aois an linbh
- Ainmneacha agus seoltaí na dtuismitheoirí nó na gcaomhnóirí
- Sonraí maidir leis an ábhar imní agus cén ábhar imní atá i gceist
- Ainm(neacha), más eol duit, an duine/na ndaoine atá faoi amhras maidir le díobháil a déanamh don leanbh
- Ainmneacha leanaí eile sa teaghlach
- Ainm na scoile ar a bhfreastalaíonn an leanbh
- Sonraí an tuairisceora
- Ba chóir duit an oiread eolais agus is féidir a thabhairt d'oibrithe sóisialta ag céim luath ionas gur féidir leo scrúdú iomlán a dhéanamh ar a gcuid taifead.
- Ba chóir treoir a lorg ó Tusla agus an Gateway Team (HSCT) maidir le tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin imní ata á thuairisciú

I gcás tuairisc aonarach a bhaineann le himeachtaí, nó duine de Chriú an Oireachtais, ba chóir an Teagmhálaí Ainmnithe (DLP) san Oireachtas a chur ar an eolas faoi seo go háirithe sa chás go ndéantar teagmháil díreach le Tusla / Gateway Team

ÚDAR REASÚNTA IMNÍ

Ba chóir go dtabharfá eolas do na húdaráis chuí, Tusla nó HSC Trusts/Gateway Team (TÉ) i gcónaí nuair a bhíonn údar réasúnta imní ann go mb'fhéidir go raibh, go bhfuil, nó go mbíonn leanbh nó duine óg i mbaol mí-úsáide nó faillí.

Ba chóir an t-eolas céanna a roinnt, ar bhonn rúnda agus go pras, leis an Duine Sainordaithe/Teagmhálaí Ainmnithe.

Cad is Údar Réasúnta Imní ann?

- Fianaise, gortú nó iompar mar shampla, ar comhsheasmhach í leis an mí-úsáid agus nach dócha go raibh cúis éigin eile leis ar bhealach ar bith eile.
- Imní ar bith faoi mhí-úsáid fhéideartha.
- Comharthaí comhsheasmhacha go bhfulaingíonn an leanbh le faillí mhothúchánach nó cholanda.
- Leanbh a deir nó a thugann le fios ar bhealach éigin eile go ndearnadh mí-úsáid dóibh.
- Admháil nó tásc le haosach nó le leanbh faoi mhí-úsáid líomhnaithe a rinne siad.
- Cuntas ó dhuine a chonaic an leanbh á mhí-úsáid (Treoir Náisiúnta do Chosaint Leanaí (2017)

Líomhaintí mí-úsáide nó mí-iompair curtha i leith baill foirne

Sa chás go ndéantar líomhaintí i gcoinne baill foirne nó oibrithe dheonacha leantar dhá nós imeachta éagsúla:

- An nós imeachta tuairiscithe a bhaineann leis an leanbh
- An nós imeachta a bhaineann le ball foirne/oibrí deonach

Tá an nós imeachta maidir le líomhaintí nó mí-iompair a bheadh curtha i leith baill foirne nó oibrithe dheonacha soiléirithe in Aguisín 5